Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2019
(OR. en)

8743/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0069(COD)**

**CODEC 996**
**PECHE 213**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN ó PHARLAIMINT Na hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle ar an 22 Márta 2018.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 23 Bealtaine 2018[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 26 Márta 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 7454/18.
[2] IO C 283, 10.8.2018, lch. 95.
[3] 7721/19.

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 21/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.